

## ACHOIMRIÚ CÁSANA 2010



An tOmbudsman Pinsean  
Pensions Ombudsman

### Innéacs

### Leathanach

<i>Réamhrá</i>	2
<b>1.</b> <i>Fadhbanna le bheith cuimsithe i Scéimeanna na hEarnála Poiblí</i>	
(a) <i>Ní féidir liom na rialacha a athrú is oth liom a rá!</i>	3
(b) <i>Gné chontrártha an scéil...</i>	3
<b>2.</b> <i>Gearáin ó Iontaobhaithe</i>	4
<b>3.</b> <i>Ceart an chomhalta ar eolas ar scéim</i>	5
<b>4.</b> <i>Infheistiú ranníocaí CCSP</i>	5
<b>5.</b> <i>Moill ar phróiseáil iarratais ar Dheontas Gortaithe agus ar íocaíocht ina leith</i>	6
<b>6.</b> <i>Freagairt dhaonnachtúil</i>	7
<b>7.</b> <i>Comhairle de dhíth</i>	7
<b>8.</b> <i>Scor de Dheontas Gortaithe – Srianadh ar roghanna</i>	8
<b>9.</b> <i>Chuaigh Riarthóir nua i muinín taifead lochtach</i>	9
<b>10.</b> <i>Ní rabhtas i dteideal ranníocaí a íoc níos faide ar aghaidh ná Gnáthdháta an Phinsin</i>	10
<b>11.</b> <i>Fadhb le híocaíocht sochair de cheal Iontaobhaí</i>	10
<b>12.</b> <i>Diúltaíodh Sochar Luathscoir neamhlaghdaithe</i>	11
<b>13.</b> <i>Líomhnaíodh go raibh cailteanas airgid i CBS Iontaobhais grúpa</i>	11
<b>14.</b> <i>Líomhain an gearánaí nár tugadh comhairle chuí di maidir le straitéis infheistíochta</i>	11
<b>15.</b> <i>Méaduithe Iarscoir - Líomhnaíodh briseadh le cothroime phá</i>	12
<b>16.</b> <i>Líomhnaíodh cailteanas airgid – Ní dheachaigh botún chun tairbhe</i>	12
<b>17.</b> <i>Loiceadh scéim a fhoirceannadh</i>	13
<b>18.</b> <i>Neamhchónaitheach agus neamhchomhlíontach</i>	13
<b>19.</b> <i>Bhí míriarachán ann ach ní raibh aon chailteanas airgid</i>	14
<b>20.</b> <i>Bheith faoi dhliteanas maidir le ranníocaí le Scéim na gCéilí agus na Leanaí?</i>	14
<b>21.</b> <i>Moill ar Íocaíocht Sochair Bháis</i>	15
<b>22.</b> <i>Freagracht Iontaobhaithe</i>	16
<b>23.</b> <i>Meastar cailteanas airgeadais de réir teidlíochta agus ní de réir ionchais</i>	16

## RÉAMHRÁ

Mar is gnáthchleachtas agam ó chéadbhunaíodh Oifig an Ombudsman Pinsean d'ullmhaigh mé Achoimre Cásanna chun gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2010.

Tá i gceist leis an Achoimre go mbeadh sé ina tháscaire ar raon na gcásanna a ndéileálann an Oifig leo agus ar na modhanna éagsúla a mbaintear úsáid astu chun na cásanna sin a réiteach. Tá súil agam go measfar é bheith lán faisnéise agus é bheith ina dhíol spéise do na páirtithe a bhíonn gafa le riar scéime agus don phobal i gcoitinne.

Tá sé d'údarás agam faoi théarmaí Chuid XI de Acht na bPinsean 1990 cinntí a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de a eisiúint maidir le cásanna gearáin a chuirfear faoi mo bhráid. Próiseas fada ina théitear go mion sna sonraí a bhíonn i gceist le himscrúdú cásanna agus le cinneadh a dhéanamh fúthu ar bhonn foirmeálta faoi théarmaí an údaráis sin.

De réir an taithí atá agam ní gá dul i mbun an phróisis fhoirmeálta sin i ngach cás a chuirtear faoi mo bhráid. Is minice a chuirtear cosc ar aighneas a dhul i ngéire agus go bhfaightear réiteach níos sciobtha agus níos neamhfhoirmeálta ar chásanna trí idirghabháil luath nó trí eadráin. Más féidir spreagaim páirtithe an ghearáin chun machnamh a dhéanamh faoinarbh fhearr dóibh áis a bhaint as cur chuigeanna dá leithéid ar an gcéad fhásc. Ní mór dom a admháil áfach faoin am a chuirtear roinnt gearán faoi mo bhráid go mbíonn roinnt de na páirtithe lena mbaineann daingnithe ina gcuid tuairimíocht agus go mbíonn an muinín eatarthu imithe. Níl le déanamh ina leithéidí de chásanna ach dul i mbun imscrúdú foirmeálta agus is leor cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí a eisiúint.

Arís is arís eile is léir dom gurb í an droch-chumarsáid nó an easpa eolais agus mínithe is bunchúis le go leor de na gearáin. Gné eile ghearáin a thagann chun cinn go minic is ea an éagothroime is féidir bheith ann idir a mbíonn an comhalta ag súil leis ó thaobh pinsin de agus a theidlíocht faoi rialacha na scéime. Más féidir téann an Oifig i dteagmháil le húdaráis na scéime pinsin d'fhonn an easpa chumarsáide/faisnéise a shlánú agus d'fhonn réiteach a fháil ar shaincheist an ghearánaí.

Is mór agam leibhéal an chomhoibrith a fhaigheann an Oifig agam de gnáth agus is mór agam freisin an cur chuige réasúnta a ghlacann roinnt mhaith de na rannpháirtithe i ngearáin d'fhonn réiteach a fháil ar shaincheisteanna gearáin trí eadráin. Fágann sin go mbíonn an Oifig in ann a fheidhmiú níos éifeachtúla le linn di cabhrú le comhaltaí a bhfuil gearáin acu maidir lena bpinsean.



An tOmbudsman Pinsean  
Deireadh Fómhair 2011

## ACHOIMRIÚ CÁSANNA 2010

### *1. Fadhanna le bheith cuimsithe i Scéimeanna na hEarnála Poiblí*

#### *(a) Ní féidir liom na rialacha a athrú is oth liom a rá!*

Is féidir aimhrialtachtaí amadacha a eascairt as na rialacha a rialaíonn rannpháirteachas i scéimeanna na hEarnála Poiblí. Seo ceann den líon mór cásanna a bhaineann le Scéimeanna na gCéilí agus na Leanaí.

Bhain an cás seo le bean a bhí ina hoifigeach buan sa sean-Bhord Sláinte. Tráth ar ghlac sí le sos gairme áfach bhí sí fostaíthe ar bhonn sealadach ag Bord Sláinte eile. Níorbh fhéidir é sin a thuiscint mar leanúnachas maidir le fostaíocht inphinsin toisc nach raibh sé ceadaíthe ag an am d'oifigigh shealadacha bheith ina gcomhaltaí den scéim pinsin.

D'éirigh sí as a post leis an bhfostóir bunaidh ina dhiaidh sin agus d'fhág slán lena hoifig inphinsin dá bharr. Lean sí léi ag obair ar bhonn sealadach leis an bhfostóir nua go dtí gur ceapadh do phost buan í leis níos deireanaí.

Chinn sí tarraingt as Scéim na gCéilí agus na Leanaí sa chéad fhostaíocht. De bhrí gur breathnaíodh uirthi mar dhuine nua isteach ("new entrant") chuig an dara fostóir i ndiaidh a sos gairme i seirbhís áfach, bhí ballraíocht i Scéim na gCéilí agus na Leanaí sainordaithe toisc go raibh sé anois ina choinníoll fostaíochta go ngabhfaidh gach oifigeach nua isteach sa scéim sin.

Bhí sí i dteideal sochair chaomhnaithe mar gheall ar an tréimhse sheirbhíse níos luaithe, bunaithe ar a seanphost, gan aon dliteanas maidir le ranníocaí i leith sochair chéilí agus leanaí. Dá roghnaíodh sí an tseirbhís sin a aistriú go dtí an post nua áfach bheadh sí faoi dhliteanas maidir le riaráistí ranníocaí faoi Scéim na gCéilí agus na Leanaí bunaithe ar an tseanseirbhís.

Scríobh mé chuig FSS d'fhonn a iarraidh orthu a chinntiú go mbeadh na hoifigigh uile a mbeadh a leithéidí de chúinsí ag gabháil lena gcás go hiomlán feasach faoi na himthosca. Measaim fós go bhfuil sé mífhéaráilte go gcuirfí sa tsáinn sin iad ach níl sé de chumhacht agam na rialacha a athrú. Mar a dúirt mé leis an FSS ní féidir liom ach aird na ndaoine a bhfuil sé de chumhacht acu na rialacha a athrú a tharraingt ar na cúrsaí sin agus tá súil agam go mbeidh siad réasúnta i mbun an chúraim sin. Ní ródhóchasach a bheinnse áfach.

#### *(b) Gné chontrártha an scéil...*

Gearán é seo ó rúnaí scoile maidir le diúltú leanúnach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta cead a thabhairt di bheith rannpháirteach i scéim pinsin d'fhoireann chléireach toisc gur roghnaigh sí tarraingt as an scéim sin níos luaithe.

B'ionann cineál na litreach agus roinnt mhaith eile a fuair mé le blianta beaga anuas. Scríobh mé chuici á mhíniú di na dálaí a fheabhas ab fhéidir liom agus is fusa liom a thuiscint cén fáth go bhfuil

polasaí de dhíth chun cosc a chur ar an lucht a tharraingíonn as (“opters-out) a n-intinn a athrú níos deireanaí.

Go sonrach, maidir le méid mór díobh siúd a tharraing as scéimeanna sa tseirbhís phoiblí thar na blianta ba dhaoine iad nár tharraing as an bpríomhscéim aoisliúntais ach as Scéim na gCéilí agus na Leanaí. Ó tharla go bhfuil cuid mhaith díobh siúd a tharraing as na socrúithe maidir le Céilí agus le Leanaí básaithe cheana féin is intuigthe gur chóir rialacha áirithe maidir le tarraingt as a fheidhmiú.

I gcás na foirne cléireachais a tharraing as an scéim áirithe seo dealraíonn sé go raibh cuid acu óg agus neamhtaithíoch agus go ndeachaigh roinnt mhaith acu ar iontaoibh comhairle a tugadh dóibh sna scoileanna logánta ina raibh siad ag obair. Go minic ní raibh mórán doiciméadú ar na cinní maidir le tarraingt as, ba olc an tuairisciú ina leith. I gcásanna nach bhfuil fianaise ann gur tharraing siad as tugann an Roinn sochar an amhrais dóibh mar is ceart agus ligeann dóibh dul isteach sa scéim ansin.

Amach ar fad ó cheist an chothromais ní chreidim i ndáiríre go bhfuil aon chúis mhaith ann go ndíúltófaí deis eile do na daoine sin dul isteach sna scéimeanna fiú más ar mhaithe le seirbhís thodhchaíoch amháin a bheadh sé. Cheapfaí dá gcoinneofaí amach as scéimeanna pinsin iad go mbeadh sin contrártha le polasaí ráite an Rialtais a oiread daoine is is féidir a bheith i socrú pinsin dara rang de shaghas éigin.

Ar chúiseanna maithe dóthanacha coisceann Acht na bPinsean orm aon Chinneadh a dhéanamh a mbeidh sé d'éifeacht leis rialacha scéim pinsin a athrú. Ní féidir liom mar sin aon ní eile a dhéanamh ach an tuairim a nochtadh go mbeadh sé fóirsteanach athbhreithniú de chineál éigin a dhéanamh maidir le daoine a bhfuil na himthosca sin ag baint leo. Scríobh mé chuig an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a bhí ann ag an am. Níor chuir mé de stró orm féin litir a scríobh chuig an Aire Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bhí ann ag an am toisc nár admhaigh sé fiú cumarsáid a chuir an Oifig chuige roimhe sin.

## *2. Gearáin ó Ionntaobhaithe*

Ba iad ionntaobhaithe na scéime a chuir an gearán seo isteach. Cheistigh siad an méid a bhí in íocaíocht aistritheach a rinne cuideachta árachais agus an t-aga iarbhír chun é a aistriú, á líomhain gur cailleadh ioncam infheistíochta don scéim ina hiomláine dá thoradh.

Rinneadh seiceáil sciobtha agus léirigh sin go raibh an dealramh ar an scéal go raibh an scála ama lena mbaineann i gcomhréir le hAlt 23 de Chaibidil 5 den Chód Cosanta Tomhaltóra arna eisiúint ag an Rialaitheoir Airgeadais. Ní raibh aon argóint maidir le cé acu ar comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha amach sa Chód nó nach ndearnadh. Ina theannta sin dhealraigh sé go raibh an luach aistritheach ríofa i gcomhréir le coinníollacha an pholasaí.

Ar an mbonn sin níor léir dom aon bhealach chun cinn leis an ngearán.

I ndáiríre bhí gné theicniúil leis an ábhar freisin sa mhéid is nach bhfuil aon cheapadh in Acht na bPinsean faoi láthair go mbeinnse ag fáil gearán ó ionntaobhaithe. Tarlaíonn a leithéidí de dhálaí inar mhian le hionntaobhaithe gearáin a dhéanamh go dlisteanach agus nár féidir caillteanas díreach airgeadais a chur i leith aon chomhalta faoi leith de scéim.

Creidim gur féidir an dlí a athrú sa chaoi is gur féidir leis an Oifig seo gearáin a ghlacadh ó iontaobhaithe ach faoi láthair tá an deacracht theicniúil sin fós ann. É sin ráite áfach táim sásta go ndearnadh na coinníollacha polasaí a shásamh sa chás seo agus gur cloíodh leis an gCód Cosanta Tomhaltóra agus dá thoradh sin níor léir dom gurbh fhéidir dul rófhada le himscrúdú fiú dá mb'fhéidir tabhairt faoi ón taobh teicniúil de.

### ***3. Ceart an chomhalta ar eolas ar scéim***

I scéimeanna pinsin ceirde, is gnách go n-oibríonn soláthraithe trí na hiontaobhaithe agus go n-eisíonn siad faisnéis do chomhaltaí trí na hiontaobhaithe – nó, ar bhealach níos indírí fós, féadfaidh siad í a sheoladh trí bhróicéir nó trí riarthóir. Ní chinntíonn sin go dtagann an fhaisnéis chomh fada leis na comhaltaí. Is minic go mbíonn cuideachtaí a ghníomhaíonn mar iontaobhaithe ar scéimeanna pinsin dá gcuid féin aineolach ar a n-oibleagáidí mar iontaobhaithe, cibé acu is oibleagáidí faoi dhlí iontaobhais nó faoi Acht na bPinsean atá iontu.

Fuair mé gearán ó iarfhostaí i gcuideachta bheag ar chlis air glan aon sonraí maidir lena shocrúithe pinsin a fháil ón gcuideachta sin a bhí ag gníomhú mar iontaobhaí dá Phlean Pinsin Grúpa.

Ceanglaítear ar an iontaobhaí de réir na rialaithe maidir le Foilsiú Faisnéise a rinneadh faoi Achtanna na bPinsean 1990 – 2011 na roghanna atá ar fáil do chomhalta maidir le seirbhís a fhágáil a fhógairt dó taobh istigh de cheithre seachtaine ón uair is feasach dóibh go mbeidh sé ag fágáil seirbhíse. Ó tharla go ndearnadh iomarcach an gearánaí is léir go raibh gurbh eol don fhostóir sularbh eol don ghearánaí féin é go mbeadh sé ag fágáil seirbhíse. D'ainneoi an iomad iarrachtaí níor éirigh leis an fhaisnéis um fhágáil seirbhíse a raibh sé ina dteideal de réir dlí a fháil.

Ar na páipéir a cuireadh faoi mo bhráid maidir leis an ngearán fuair mé dhá dhuillín pá. Ní raibh asbhaint ranníocaíocht an fhostaí á dtaispeáint orthu sin ach ba léir ó litir a scríobh an chuideachta árachais lena mbaineann chuig an ngearánaí gur scéim ranníocach a bhí inti. Tá ceangal dlí ar an bhfostóir méid na ranníocaí pinsin a baineadh as tuarastal an fhostaí a thaispeáint. Tá ceangal air freisin a fhógairt dó go foirmealta, ar an duillín pá nó ar leathanach faoi leith, gur cuireadh na ranníocaí a baineadh as a thuarastal móide iadsan a bhí á n-íoc ag an bhfostóir ar aghaidh chuig iontaobhaithe na scéime pinsin lena n-infheistiú.

Scríobh mé chuig an bhfostóir chun a chuid oibleagáidí a mheabhú dó agus sa chás seo d'ordaigh mé an chuideachta árachais déileáil go díreach leis an ngearánaí in aon chás a bhain lena phinsean.

### ***4. Infheistiú ranníocaí CCSP***

Gearán é seo a chuir Aire Rialtais isteach thar ceann toghthóra. Bhain an gearán le cistí cothromais ualaithe ina raibh airgead an ghearánaí infheistithe agus ar tharla titim mheasartha ar a luach. Ba ó na Stáit Bhaltacha an gearánaí agus is cosúil go raibh Drochbhéarla aige.

Chuir mé an ceist faoi bhráid na cuideachta árachais lena mbaineann agus d'iarr mé orthu an t-ábhar a bhreithniú faoin ngnás Réiteach Aighnis Inmheánach is cuí don CCSP agus Fógra Cinnidh a eisiúint, nó níos fearr fós, an fhadhb a réiteach. Ar an gcéad fhásc chuir mé ar a súile dóibh cé go ndeachthas go han-mhion sna sonraí sa doiciméadú a fuair an gearánaí gur ar éigean a bheadh sé intuigthe don té nach raibh an Béarla ar a thoil aige. Chreid mé go háirithe go bhféadfadh Ráitis Réamh-mheastacháin Réasúnta an dealramh mícheart a chur ar an scéal.

Ar an dara fhás ba chúis buartha dom go raibh aois inphinsin de 75 bliana scríofa sa chonradh mar aois roghnaithe inphinsin (“chosen”). Go deimhin is é 75 bliana d'aois an aois is deireanaí a bhfuil CCSP iníoctha agus thug mé dom aire go raibh na 59 mbliana slánaithe ag an ngearánaí tráth ar thosaigh an conradh. Rinne mé iontas de gur scríobhadh aois inphinsin de 75 bliana agus n'fheadar an ndearnadh sin toisc go mbeadh aon choimisiún iníoctha bunaithe ar an téarma chuig aibíocht. Murach go raibh ardaois inphinsin roghnaithe go sonrach sa chás seo níor cheart ar bhealach ar bith duine a raibh 59 mbliana slán aige a chur isteach i gciste a raibh a laghad sin cosaint aige ar mhargaidh chothromais.

Déileáladh leis an gcás faoin ngnás um Réiteach Aighnis Inmheánach, agus bhí an gearánaí sásta leis sin.

Le linn dom mo thuairim a nochtadh don chuideachta árachais sa chás seo thagair mé don rogha réamhshocráithe, ar shocrú stíl mhaireachtála (“lifestyling”) a bhí ann iarbhrí faoin bpolasaí seo. Dhealraigh sé go ndéileáiltear le daoine a théann isteach ansin mar chóhort bunaithe ar an téarma suas chuig an ngnáthaois inphinsin agus go múnlaítear próifíl infheistíochta dó dá réir. Tá sé soiléir, má tá 75 bliana d'aois scríofa isteach sa chonradh mar aois scoir ach nach shin an aois iarbhrí a bhfuil súil leis an duine aonair éirí as obair, nach n-oibreoidh an socrú stíl mhaireachtála (“lifestyling”) i gceist ar an dóigh atá ceaptha dó. Ní dheachaigh an gearánaí sa chás seo isteach sa socrú réamhshocráithe agus dá bhrí sin ní bhaineann an pointe sin leis go sonrach ach is machnamh é ar chóir do dhíoltóirí a choinneáil ina n-intinn nuair a chuirtear tic sna boscaí. Mura mbeidh an aois inphinsin a roghnófar dlisteanach tiocfaidh gearáin chun cinn níos deireanaí mar gheall uirthi nuair a fhaigheann daoine amach nár chruthaigh a n-infheistíocht ar an dóigh a raibh siad ag súil léi.

Nochtaigh mé roinnt tuairimí don árachóir freisin maidir leis an gceist ollmhór conas déileáil le daoine nach é an Béarla a dteanga príomha labhartha acu.

## ***5. Moill ar phróiseáil iarratais ar Dheontas Gortaithe agus ar íocaíocht ina leith***

Bhain an gearán seo a tháinig ó oibrí sna Seirbhísí Sláinte le moill ar phróiseáil iarratais dá cuid ar Dheontas Gortaithe faoi Alt 49 de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil. Fuarthas amach gurbh é próiseáil na scor faoi na Scéimeanna Luathscoir agus Iomarcaíochta éagsúla a chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ar fáil in 2010 ba chúis leis an moill ar phróiseáil an iarratais.

Bhí ceist an iarratais seo sách casta agus fadálach ar an ábhar gur i rannóg amháin de FSS a oibríonn na daoine a dhéanann an t-áireamh agus gur i rannóg eile de FSS a oibríonn na daoine a cheadaíonn iarbhrí an t-iarratas faoi Alt 49. Ina theannta sin fiú murar chuir an Roinn Comhshaoil moill ar an iarratas iarbhrí ba í fírinne an cháis gur cuireadh an t-iarratas chucu ar an gcéad fhás agus gur chuir sin le tréimhse na próiseála ina hiomláine. Chuir sé le castacht phróiseáil an iarratais faoi Alt 49 go raibh taifead an ghortaithe á choinneáil go logánta san institiúid ina raibh sí ag obair.

Sa chás go gceadaíonn FSS iarratas ar Dheontas Gortaithe faoi Alt 49 i bprionsabal beidh an ráta a íocfar i gcomhréir le méid an mhíchumais agus is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a chinnfidh sin. Caitheadh roinnt mhaith ama ag fíorú na dálaí Leasa Sóisialaigh sa chás áirithe seo toisc go ndúirt an Roinn i dtosach báire go raibh sí 24% faoi mhíchumas agus gur athraigh siad é sin go 30% ina dhiaidh sin.

Ar ndóigh d'fhiosraigh FSS é sin agus fuair amach go raibh córas á fheidhmiú ag an Roinn trínar shlánaigh siad suas agus síos na céatadán. Má bhí an t-iarratasóir níos lú ná 24 faoin gcéad faoi mhíchumas shlánódh siad é sin síos go 20 faoin gcéad. Má bhí sí 24 faoin gcéad nó níos mó faoi mhíchumas shlánódh siad é sin suas go 30 faoin gcéad, rud a mhínigh an dá fhiúir dhifriúla a luaigh FSS.

Chuaigh an Oifig agam i mbun idirghabhála agus fuair mé ráthaíochtaí go rabhthas ag dul chun cinn leis an áireamh a bhain le cás na mná sin agus go ndéanfaí aisíocaíochtaí siar go 2005 – cúig bliana i ndiaidh di an gortú a fhulaingt.

## 6. *Freagairt dhaonnachtúil*

Fuair mé gearán ó bhean a d'éirigh as obair i gclub comhaltaí príobháideacha roinnt mhaith blianta ó shin agus a bhí ag fáil pinsean beag uathu. Chuir an Rúnaí in iúl di go rabhthas chun deireadh a chur lena pinsin. Níor léir cibé ar chomhalta i scéim pinsean ceirde í nó nach ea agus ba é an chéad rud a rinne mé dá réir cineál an tsocraithe phinsin a dhéanamh amach.

Fuair mé amach gur shocrú *ex gratia* a bhí ann a bunaíodh roinnt mhaith blianta ó shin agus a bhí maoinithe trí urrús a ceannaíodh taobh amuigh de chuntais oibríochtúla an chlub chun leasa na mná lena mbaineann. Bhí an t-airgead a cuireadh ar leataobh chun na críche sin ídithe anois agus d'ordaigh an Coiste Airgeadais deireadh a chur leis an íocaíocht léi. B'amhlaidh gurbh é bun agus barr an scéil gur mhair an bhean rófhada!

Ó tharla nach raibh an socrú ag teacht le sainmhíniú scéim pinsin faoi Acht na bliana 1990 bhí an cás taobh amuigh de mo dhlínse agus níorbh fhéidir liom imscrúdú ná cinneadh a dhéanamh faoin ábhar. B'fhacthas dom áfach gur cheart rud éigin a dhéanamh.

Chuaigh mé i dteagmháil le hUachtarán an Chlub; níorbh fheasach dó aon ní faoi staid an cháis. Gheall sé imscrúdú a dhéanamh d'fhonn a fháil amach, a mhéad agus ab fhéidir leis, cad a bhí ar intinn na daoine lena mbaineann ag an am agus d'fhonn a chinntiú gur shásaigh an Club ní hamháin an litir ach an spiorad freisin dá raibh ar a n-intinn siúd ag an am agus chuaigh sé i mbun cumarsáide leis an iarfhostaí. San idirlinn leanfadh an Club ag déanamh íocaíochtaí tráthrialta léi ar bhonn míosúil.

## 7. *Comhairle de dhíth*

Fuarthas trí ghearán faoi leith ó chomhaltaí iarchurtha de scéim aonair a raibh an uile dhuine díobh ina chónaí taobh amuigh d'Éirinn. Gearán a bhí ann go raibh sé ar intinn an fhostóra agus na n-iontaobhaithe iarratas faoi Alt 50 d'Acht na bPinsean a chur chuig an mBord Pinsean maidir leis an scéim a bhí dócmhainneach. Ba éard a bhí i gceist athruithe a dhéanamh ar struchtúr na sochar do na comhaltaí go léir – idir iadsan a bhí éirithe as, iadsan a bhí iarchurtha agus iadsan a bhí gníomhach.

Ní raibh aon ní faighte i scríbhinn ag na comhaltaí ó thar lear maidir leis an togra ach tugadh cuireadh dóibh ar an teileafón chun freastal a dhéanamh gan mórán coinne ar chruinniú i mBaile Átha Cliath. D'fhreastail siad ar an gcruinniú agus tugadh sonraí dóibh maidir lena raibh beartaithe.

Ghearáin gach comhalta go raibh tograí na n-iontaobhaithe neamhoiriúnach dá n-imthosca pearsanta agus nár tugadh de cheart dóibh an cheist a phlé.

Thaispeáin sé go raibh go raibh hata HR á chaitheamh freisin ag duine de na hiontaobhaithe agus go raibh sé den tuairim nach raibh sé de cheart ag iarfhostaithe dul i mbun idirbheartaíochta. Ní dheachthas i gcomhairle ach le comhaltaí gníomhacha.

Éilítear faoi Acht na bPinsean go rachfaí i mbun comhairliúcháin le comhaltaí uile scéime – idir chomhaltaí gníomhacha, chomhaltaí iarchurtha agus phinsinéirí – sular féidir iarratas faoi Alt 50 a mheas. Chuir Príomhfheidhmeannach an Bhoird Phinsean in iúl, cé nár ceapadh é bheith riachtanach Rialacháin a dhéanamh a chlúdódh sin, nach nglacfadh an Bord le hiarratas dá mbeadh amhras dá laghad maidir le hábhar an chomhairliúcháin. Chuir mé é sin in iúl do na hiontaobhaithe ar bhealach soiléir; ní mó ná sásta a rabhadar agus bhaineadar an chiall chontráilte as fáth na hidirghabhála a rinne mé. Shíl siad go rabhadar ag déanamh a ndícheall chun scéim sochair shainithe a tharrtháil agus nach raibh siad ag fáil ach cáineadh mar chúiteamh ar na hiarrachtaí sin.

Cuireadh próiseas comhairliúcháin iomchuí ar bun ar deireadh thiar áfach agus ina dhiaidh sin thángthas ar réiteach a d'oirfeadh d'imthosca gach comhalta.

## ***8. Scor de Dheontas Gortaithe – Srianadh ar roghanna***

Chuir ceardchumann seirbhíse poiblí gearán isteach thar ceann altra a bhí éirithe as obair; deonaíodh Deontas Gortaithe di ach nuair a bhí na 65 bliana slánaithe aici scoireadh den deontas. Measadh go raibh sin contrártha le doiciméad ón Roinn Comhshaoil inar dúradh go mbeadh deontas dá leithéid iníochta ar feadh saoil an duine aonair lena mbaineann. In éindí leis an aighneacht bhí litir ó Rannóg Aoisliúntais FSS i mBaile Átha Cliath inar luadh gur bunaíodh an cinneadh an deontas a scor ar chinneadh a rinne an tOmbudsman Pinsean ar an 8 Nollaig, 2006, i gcás cosúil leis, dar leo, a bhain le FSS. Faoi iamh freisin bhí cóip de litir ón nGníomhaireacht um Fhostóirí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (GFFSS) ina raibh sliocht as an gcinneadh sin.

Níor mheas mé go raibh an scéal iomlán á insint sa sliocht sin. Is fiú a thabhairt faoi deara gur bhain an cás ba luaithe le duine a bheadh níos fearr as, dá leantaí leis an deontas gortaithe, ná comhghleacaí leis a sheirbheáil leis an údarás ar feadh a shaoil ghairme iomláin. B'ionann uasmhéid an deontais ghortaithe agus 5/6 den tuarastal, agus b'ionann uasmhéid an phinsin iníochta agus 1/2 an tuarastail.

Ar an gcéad amharc níor léir dom aon chosúlacht idir na cásanna. De bhreis air sin thug mé faoi deara gur nochtáigh mé tuairim sa mhír dheireanach den chinneadh ba luaithe gurbh fhéidir go mbeadh údar ann i gcúinsí eisceachtúla chun an liúntas a íoc sa tréimhse i ndiaidh 65 bliana d'aois.

Ba léir dom i gcúrsa an fhiosrúcháin nua gur luaigh an tAlt ábhartha de Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil go mbeadh an Deontas Gortaithe iníochta ar feadh saoil nó ar feadh cibé tréimhse níos giorra a mheasfadh an [tÚdarás] bheith iomchuí. Ba léir gurbh é a bhí i gceist gur cheart imthosca gach cáis a bhreithniú sula ndéanfaí cinneadh.

D'eisigh GFFSS Ciorclán i mí Lúnasa 2006 maidir leis an ábhar sula ndearna mé mo Chinneadh sa chás ba luaithe dá dtagraítear thuas. Ach d'iarr siad an cinneadh sin a úsáid mar údar don chiorclán.



Ní féidir gan an tátal a bhaint as sin gur mheas pearsanra FSS i mBaile Átha Cliath go raibh an riachtanas airgead a shábháil is cuma cé a bheadh thíos leis (iarfhostaí sa chás seo) chomh géir sin gur shíl siad neamhaird a dhéanamh den aimhrialtacht idir na dátaí agus ina theannta sin go ndearna siad neamhaird de go bhfuil sé in aghaidh an dlí srianadh a chur ar chumhacht roghnach roimh ré (rud a chuir mé in iúl ar an iomad ócáidí) trí ordú uilechuimsitheach a chuirfeadh teorainn le feidhmiú na cumhachta sin. De rogha air sin d'fhéadfadh sé nach rabhadar toilteanach glacadh leis go raibh an t-ordú mícheart agus nach raibh ann ach sin. Ní dhearnadh aon iarracht míniú a dhéanamh ar cén fáth nár tugadh aird ar bith sa chiorclán dá dtagraítear thuas ar an bhfrása ríthábhachtach san Airteagal: beidh sé iníoctha ar feadh saoil (“shall be payable for life or...”). Rinneadh neamhaird de sin, rud a mheasfaí mar mhíreasúnta amach is amach murar fearr a rá gur shaobhacht iarbhír a bhí ann.

Is coinníoll d'íocaíocht an Deontais Ghortaithe nach mbeidh na tréimhsí seirbhíse a thagann ina dhiaidh sin inphinsin. Go feadh an mhéid sin ní raibh sé féaráilte nó réasúnta go scoirfí den deontas *in toto* nuair a bhí aois an phinsin sroichte ag an deontaí. D'ordaigh mé dá bhrí sin an Deontas Gortaithe a thabhairt don ghearánaí **ar feadh a saoil**, de mhéid ab ionann agus méid an phinsín bhreise a bhfaigheadh sí mar luach saothair dá mba rud é gur cuireadh a tréimhse seirbhíse ó 22 Meitheamh 2001 go dtí go raibh na 65 bliana slánaithe aici san áireamh chun críche pinsin.

Chinntigh mé gur mhíriarachán tromchúiseach a bhí ann Ciorclán an 22 Lúnasa 2006 a eisiúint. D'ordaigh mé GFFSS dá bhrí sin an t-ordú maidir le scor den Deontas Gortaithe nuair a bhí na 65 bliana slánaithe a tharraingt siar agus a chur in iúl as sin amach do na haonaid uile a fuair an ciorclán go raibh sé mícheart agus go gcuirfí na cásanna uile a bhain le Deontais Ghortaithe isteach lena mbreithniú de réir tuillteanas gach cáis nuair a bhí 65 bliana slán ag an oifigeach ábhartha.

Ina theannta sin d'ordaigh mé FSS agus GFFSS, nach bhfuil aon fheidhm fhoirmeálta aige maidir leis an scéim scor as sin amach d'aon ordú a eisiúint a airbheartódh srianadh a chur roimh ré ar fheidhmiú cumhachta roghnaí cibé acu ar tugadh an chumhacht sin do Aire nó d'Údarás faoi théarmaí Scéime Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil.

## ***9. Chuaigh Riarthóir nua i muinín taifead lochtach***

Dúirt an gearánaí sa chás seo gur diúltaíodh sochar di faoin bplean pinsin d'iarfhostóra (d'fhág sí slán leis naoi mbliana dhéag roimhe sin), in ainneoin gur dúradh léi thar thréimhse na ndeich mbliana dheireanacha go raibh teidlíocht aici.

Tháinig sé chun solais i gcúrsa an imscrúdaithe gur aistríodh riarachán na scéime pinsin ó na hiarriarthóirí gairmiúla ag am éigin agus go rabhthas á riar go himmheánach (“in house”) anois. Tráth ar ceapadh riarthóirí gairmiúla nua roinnt blianta ina dhiaidh sin thaispeáin sé go raibh na taifid a cuireadh ar aghaidh go dtí an gnóthas sin lochtach.

Fuaireamar amach le linn an imscrúdaithe gur aisíocadh ranníocaí leis an bhfostaí lena mbaineann tráth ar fhág sí seirbhís agus dá thoradh sin nach raibh aon teidlíocht aici ar shochar todhcháioch. Tá an fostóir tosaithe ag deisiú na dtaifead lochtach anois ach ó tharla nár chaill an fostaí aon sochar a raibh sí ina dteideal faoi rialacha na scéime níorbh fhéidir liom aon damhachtain a dhéanamh. Mhol sí dom pionós de shaghas éigin a fhorchur ar an bhfostóir ach níl sé de chumhacht agam é sin a dhéanamh.

## ***10. Ní rabhtas i dteideal ranníocáí a íoc níos faide ar aghaidh ná Gnáthdháta an Phinsin***

Oifigeach ceardchumainn a rinne an gearán seo thar ceann chomhalta scéime a d'fhan i bhfostaíocht tar éis Ghnáthdháta a Phinsin.

Ní raibh an fostóir cinnte cibé acu an raibh nó nach raibh ceangal air leanúint le ranníocáí thar ceann an fhostaí tar éis Ghnáthdháta an Phinsin, agus d'fhiosraigh sé é sin le riarthóir na scéime (cuideachta árachais). Agus é ag feitheamh ar shoiléiriú san idirlinn lean sé leis ag cur ranníocáí pinsin ar aghaidh ar bhonn réamhchúraim.

Le linn an imscrúdaithe dúirt an fostóir gur dúradh leis go raibh an aighneas curtha ar aghaidh go dtí an Chúirt Oibreachais. Chuir mé in iúl don Chúirt Oibreachais go raibh mé gafa leis an gcás ach thug an t-oifigeach ceardchumainn le tuiscint dom gur bhain an aighneacht chuig an gCúirt le hábhar eile. Thaispeáin sé níos deireanaí nárbh amhlaidh a bhí – ach gurbh í an cheist cheannann chéanna í.

Tá rialacha na scéime soiléir sa mhéid is go leagtar síos iontu go mbeidh deireadh leis na ranníocáí ar an ngnáthdháta pinsin; mar sin bhí orm cinneadh a dhéanamh i gcoinne an chomhalta scéime agus d'fhógair mé é sin don Chúirt Oibreachais ar bhealach cuí.

## ***11. Fadhb le híocaíocht sochair de cheal iontaobhaí***

Sa chás seo bhí fear an ghearánaí, a bhí básaithe, ina chomhalta de scéim pinsin an fhostóra, ach d'fhág sé an fhostaíocht sin roinnt blianta ó shin. Rinneadh fiosruithe le linn dó bheith tinn maidir le hairgead a tharraingt óna phinsean ach ní dhearnadh an tarraingt sin roimh a bhás.

Chuaigh aturnaetha thar ceann a eastáit i dteagmháil leis an soláthraí ach dúradh leo go raibh an fostóir arbh iontaobhaí na scéime é díscailte, agus in ainneoin gach díchill a rinneadh nach rabhtas in ann teacht ar aon duine a ghníomhódh mar iontaobhaí agus a d'iarrfadh ar an mBord Pinsean iontaobhaí a cheapadh. Mar sin ní raibh aon duine ann chun ceann scríbe íocaíocht an tsochair (le cleithiúnaí, le heastát etc.) a shonrú

D'ordaigh mé an chuideachta árachais méid an tsochair bháis a íoc le heastát an fhir chéile bhásaithe. Bhí sé i gceist agam freisin ordú a thabhairt dóibh an scéim a fhoirceannadh agus bannaí a ghnóthachtáil do na comhaltaí eile. Tháinig deacrachtaí praiticiúla chun cinn ansin áfach sa mhéid is go bhfulaingeadh roinnt comhaltaí cailteanas measartha ar chúiseanna teicniúla dá ngéillfí a gcuid sochar tráth an fhoirceanta.

Chuathas i mbun comhoibre leis an gcuideachta árachais d'fhonn modh sannta na bpolasaithe do na comhaltaí a sheiftiú, sa chaoi is go mbeadh an rogha acu a sochair a ghéilleadh go luath nó a ligean dóibh teacht in aibíocht ar an ngnáthbhealach.

## ***12. Diúltaíodh Sochar Luathscoir neamhlaghdaithe***

Bhí an gearánaí ag iarraidh sochar luathscoir, arna ríomh gan aon laghdú maidir le híocaíocht roimh an ngnáthdháta scoir, toisc go raibh níos mó ná 40 bliain seirbhíse curtha isteach aige agus líomhain sé go raibh a leithéid de chóir fhabhrach faighte ag daoine eile faoi chlár iomarcaíochta ó dháta ní ba luaithe.

Rinneadh imscrúdú agus fuarthas amach raibh aon fhoráil faoi rialacha na scéime creidmheas a dheonú maidir le seirbhís de bhreis ar 40 bliain a bhí curtha i gcrích agus go leagtar síos iontu gur cheart go mbeadh laghdú i bhfeidhm tráth a ríomhfaí sochair scoir a bhí le híoc roimh an ghnáthdháta scoir.

Bíodh go bhfuair comhaltaí eile feabhsúchán roghnach ar a sochair scéime faoi chlár iomarcaíochta ó dháta ní ba luaithe níor chuir sin aon iachall ar an scéim a leithéid d'feabhsúchán a sholáthar don ghearánaí. Cinntíodh go bhfuair an gearánaí a raibh sé ina theideal i gcomhréir le rialacha na scéime agus níor seasadh lena ghearán.

## ***13. Líomhnaíodh go raibh cailteanas airgid i CBS Iontaobhais grúpa***

Ba chomhalta an gearánaí sa chás seo de CBS (Conradh Blianachta Scoir) Iontaobhais (“Trust RAC”) .i.- conradh grúpa do na féinhostaithe, coinnithe faoi iontaobhas. Líomhnaíodh gur fhulaing sé cailteanas airgeadais de bharr míriaracháin, .i.- loiceadh na n-iontaobhaithe an infheistíocht a aistriú go dtí sócmhainní beagluaineacha. Rinneadh an gearán freisin i gcoinne an tsoláthraí ar chuideachta árachais í. Chomh maith leis sin bhí gearán tánaisteach ann maidir leis an gcaoi ar láimhseáladh an CSIF (Ciste Scoir Íosta Formheasta) ina dhiaidh sin.

Rinneadh imscrúdú a léirigh gur roghnaigh an comhalta ciste bainistithe (“managed fund”) ar an bhfoirm thogra bhunaidh agus gur eisean iarbhír a bhí ag rialú na n-infheistíochtaí. Ní raibh aon fheidhm ag iontaobhaithe maidir le bainistiú infheistíochta faoi pholasaithe aonair dá leithéid.

Ní haon chuid é de shainchúram na hOifige seo breithniú a dhéanamh ar an CSIF; is infheistíocht phearsanta é sin seachas scéim pinsin mar a shainmhínítear an téarma in Achtanna na bPeinsean 1990-2011.

## ***14. Líomhain an gearánaí nár tugadh comhairle chúí di maidir le straitéis infheistíochta***

Ní gnách go ndéanann an Oifig seo imscrúdú ar ghearáin a bhaineann le *comhairle* airgeadais sa tsamhail sin. Ach léirigh an scrúdú a rinneadh ar an ngearán seo go raibh tosca eile san imirt a rinne imscrúdú iomchuí.

Bhí sócmhainní AVC an ghearánaí infheistithe i gciste a bhí riartha ar bhonn gníomhach. Nuair a bhí 61 bhliain slán aici chas sí le riarthóir an phlean agus chuir in iúl gur mhian léi a sócmhainní AVC a chur faoi choimirce agus í ag druidim chuig 65 bliana d'aois, an aois scoir. Fágadh gan amhras í nár gá a sócmhainní a aistriú.

Sé mhí ina dhiaidh sin chas sí leis an riarthóir arís agus chuir a buairt in iúl maidir le titim ar luach a ciste agus luaigh in athuair gur fuath léi an baol. Luaigh sí freisin an moladh a tugadh di ag cúrsa réamhscoir gur cheart di aistriú go dtí cistí níos cinnte de réir mar a bhí sí ag druidim i dtreo aois an

scoir. Ba mhar a chéile an chomhairle a thug an riarthóir di agus níor admhaigh sé go raibh aon chall le haistriú amach ón gciste a bhí riartha ar bhonn gníomhach.

Ina dhiaidh sin d'ordaigh an Gearánaí a sócmhainní a aistriú go dtí Ciste Airgid Tirim ach faoin am sin bhí luach an chiste c. €4,000 níos lú ná mar bhí sé ar a lá breithe nuair a bhí 61 bliana slán aici.

Fuarthas amach i ndiaidh imscrúdaithe go raibh *straitéis infheistíochta dearbhaithe* sa Phlean chun aistriú céim ar chéim a dhéanamh chuig infheistíochtaí cinnte ag teacht suas go dtí an gnáthdháta scoir – ach níor cuireadh sin in iúl don ghearánaí agus níor cuireadh chun feidhme é maidir léi. Dá ndéantaí sin bheadh luach an Chiste AVC aici €3,917 níos airde. Mar chúiteamh sa chás seo d'ordaigh mé an méid sin a chur le Ciste AVC an Ghearánaí.

### ***15. Méaduithe Iarscoir- Líomhnaíodh briseadh le cothroime phá***

Múinteoir a bhí éirithe as obair a bhí sa ghearánaí agus bhí sí ag iarraidh méadú a fháil ar a pinsean bunaithe ar liúntas maoirseachta a bhí iníoctha anois do mhúinteoirí ar fónamh. D'áitigh sí go raibh sí ina theideal sin mar gheall ar choinníollacha cothroime phá.

Rinneadh imscrúdú agus fuarthas amach nár tugadh an liúntas sin isteach ach tar éis don ghearánaí bheith éirithe as obair agus nach raibh sé iníoctha go huathoibríoch do gach múinteoir ar fónamh ach dóibh siúd amháin a rinneadh conradh chun dualgais mhaoirsithe a fheidhmiú. I gcomhréir le cleachtas seanbhunaithe na seirbhíse poiblí níor tugadh an liúntas do mhúinteoirí a bhí éirithe as obair cheana féin agus nach raibh á fháil le linn dóibh bheith fostaithe.

Níor sheas mé leis an ngearán agus chinn mé (a) nach raibh cothroime phá ina teidlíocht faoin scéim ach gur foras a bhí ann a glacadh de rogha an Aire chun ráta méaduithe iarscoir a chinneadh agus (b) gurbh é an cleachtas seanbhunaithe é gan liúntais a thabhairt mar shochar do phinsinéirí nach raibh siad ag fáil le linn dóibh bheith fostaithe.

### ***16. Líomhnaíodh cailteanas airgid – Ní dheachaigh botún chun tairbhe***

Líomhain an gearánaí seo gur fhulaing sí cailteanas airgid agus nár bhain sí sochar as botún a rinne cuideachta árachais maidir le comhghleacaí léi. I gcás an chomhghleacaí ní dhearna an chuideachta ciste a aistriú de réir an teagaisc a fuaireadar agus ar an mbealach a bhí beartaithe.

Fuair na hárachóirí a macasamhail d'íarratais ar aistriú maidir leis an ngearánaí, lena páirtí gnó agus le roinnt cliant eile d'idirghabhálaí áirithe ar laethanta éagsúla. Tharla gur chuir riarthóirí éagsúla laistigh den chuideachta árachais i bhfeidhm iad ar bhealaí éagsúla. Is fiú a lua anseo gur measadh go raibh an chomhairle a thug an t-idirghabhálaí dá chliant, .i.- polasaithe traidisiúnta le brabúis a aistriú go hairgead tirim gan aon tagairt do shócmhainní eile scéime a bhíodhas a choinneáil in infheistíochtaí i gcistí bainistithe, aisteach sna himthosca.

Rinneadh imscrúdú agus fuarthas amach go ndearnadh an t-aistriú a iarraidh ar mhodh cuí i gcás an ghearánaí ach go ndearnadh earráidí i roinnt cásanna eile ar a n-áirítear cás an pháirtí gnó.

D'admhaigh an chuideachta árachais gur tharla earráidí ach gheall siad go sheasfadh siad leo ó tharla gur thairbhígh na cliant dá dtoradh. D'áitigh siad nár tharla aon earráid maidir le cás an ghearánaí agus nach raibh sí i dteideal leas a bhaint as earráid nach ndeachaigh i bhfeidhm uirthi. Ghlac mé leis an argóint sin agus níor sheas mé leis an ngearánaí sa chás a rinne sí go raibh sí i dteideal na córa céanna a tugadh dá páirtí gnó agus dá comhghleacaí comhalta scéime.

## ***17. Loiceadh scéim a fhoirceannadh***

Fuarthas gearán (a) nach raibh scéim á fhoirceannadh i ndiaidh don fhostóir dul faoi leachtú agus nach raibh an comhalta in ann smacht a fháil ar a chuid sochar, agus (b) gur dhiúltaigh na hárachóirí bóinas deiridh (“terminal bonus”) a íoc.

Ba é an fhostóir an iontaobhaí roimhe sin. Nochtaigh an t-imscrúdú gurbh é an fáth gur cuireadh siar an fhoirceannadh gur chuir an chuideachta árachais CLM (Coigeartú ar Luach an Mhargaidh) .i.- (“Market Value Adjustment”) i bhfeidhm a bhí ceaptha aon luachanna géillte iníoctha a laghdú le gurbh fhearr a léireodh siad na luachanna sócmhainne ní b’ísle ba bhunús do chiste le brabús.

Mheas an bróicéir lena mbaineann gurbh é an t-aon rogha a bhí ann ag am an fhoirceanta sochair na gcomhaltaí a réadú trína ngéilleadh chun bannaí ceannaigh-thar-barr-amach a cheannach. Shíl mé ó tharla gur shocrú le brabús a bhí ann sa chás seo gurbh fhéidir leis an árachóir na sócmhainní a thiontú ina bpolasaithe aonair in ainmneacha na gcomhaltaí féin. Mhol mé mar sin don árachóir gurbh é an bealach ab fhearr chun géilleadh éigeantach na bpolasaithe a sheachaint ag an bpointe sin iad a shannadh ar bhonn aonair do gach comhalta. Faoi na comhaltaí aonair a bheadh sé ansin rogha a dhéanamh cé acu arbh fhearr leo an CLM a ghlacadh agus an polasaí a ghéilleadh láithreach (má bhí an duine os cionn 50 bliain d’aois) agus cibé sochair a bhí ann a bhaint nó an polasaí a choinneáil mar a bhí sé go dtí lánaibíocht.

Maidir leis an bhfiosrú i leith an bhónais deiridh – is méid é sin nach bhfuil iníoctha de ghnáth ach ag dáta aibíochta an pholasaí .i. gnáthdháta an phinsin, agus dá bhrí sin níor tháinig agus ní thioctadh bóonais dá leithéid i gceist i gcás luathghéilleadh.

## ***18. Neamhchónaitheach agus neamhchomhlíontach***

Fuair mé cúig ghearán maidir le fhostóir áirithe a rinne iomarcach a fhórsa oibre thart ar bhliain roimhe sin. Bhain na gearáin le hasbhaint agus le neamhíoc ranníocaí pinsin agus i gcás áirithe amháin le Ranníocaí Deonacha Breise (RDBanna) chuig Scéim Pinsin na nOibríthe Tógála. Is rud é sin a tharlaíonn i bhfad rómhinic faraor.

Dhealraigh sé ar an gcéad amharc gur chás simplí a bhí ann sa mhéid is nach raibh líon na seachtainí a oibríodh ag teacht le líon na ranníocaí a íocadh sna taifid a fuair mé; chomh maith leis sin bhí RDBanna gan chuntas i gceist.

Rinne an Oifig seo fiosrúcháin agus fuarthas amach go raibh na Gearánaithe fostaithe ag an bhFreagróir. Bhain na tréimhsí fostaíochta le dátaí éagsúla idir 1989 agus 2009. I rith na tréimhse ama sin ní dhearna an Freagróir na ranníocaí uile a éilítear chuig an Scéim Pinsin. Nuair a rinne mé athbhreithniú áfach ar an doiciméadú uile i gcomhad an cháis agus ar dhoiciméadú breise a chuir na páirtithe éagsúla isteach thug mé faoi deara go raibh fadhb ann; thaispeáin sé níos deireanaí gur fhadhb an-suntasach a bhí ann. Bhí an Fostóir corpraithe i dTuaisceart na hÉireann agus bhí brainse aige sa Phoblacht, rud atá ceadaithe faoi Rialacha an AE. Bhí an brainse liostáilte san Oifig um Chlárú Cuideachtaí mar Chuideachta Sheachtrach (“External Company”) agus scoireadh é i Samhain 2009.

Dúirt an príomhghearánaí (ba eisean freisin a chéadrinne teagmháil leis an Oifig) gur bhunaigh an fhostóir cuideachta eile, an dara ceann, agus líomhain sé gurbh iad na stiúrthóirí céanna a bhí uirthi

agus a bhí ar an gceann a scoireadh agus go raibh na cliaint agus na conarthaí céanna ag an ngnó nua. Chruthaigh an scrúdú a rinne mé áfach nárbh amhlaidh a bhí iarbhír.

I dtionscal na tógála in Éirinn is ar an bhfostóir an fhreagracht a chinntiú go bhfuil cosaint iomlán ag na fostaithe incháilithe chomh fada is a bhaineann sé le clúdach faoin gComhaontú Fostaíochta Cláraithe um Pinsin, Árachas agus Pá Tinnis.

B é an gnáth cur chuige san Oifig seo i gcás chuideachta atá cláraithe in Éirinn an gearán a fhiosrú agus ba é an aidhm a bhí leis sin féachaint chuige go n-íocfaí leis an scéim aon asbhaintí a bhí fós gan bheith íoctha. Sa chás go gcuirfí an chuideachta ba fhostóir faoi leachtú ba é mise nó an Bord Pinsean a choinneodh leis an gceist i mo/ina cháil phearsanta. Ach ní raibh dlínse agam sa chás seo ó tharla nach raibh aon stádas dlíthiúil ag an seanchuideachta ba iarfhostóir.

Bheadh a macasamhail d'fhadhb ag an Ombudsman Pinsin sa Ríocht Aontaithe (chuaigh mé i dteagmháil leis):-ní bheadh dlínse aige sa chás toisc gur bunaíodh an chuideachta i bPoblacht na hÉireann. Tugadh an cás ar aird d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó shin i leith.

Is údar frustrachais dom go bhféadfadh a leithéid sin d'aimhrialtacht tarlú. Cé nach bhfuil mórán is féidir linn a dhéanamh faoin saoirse trádála trasteorann, b'fhéidir gur féidir córas de chineál éigin a chur i bhfeidhm ina mbeadh bannaí i gceist a chinnteodh nach bhféadfadh fostóirí neamhchónaitheacha scor agus scrios leo ar a dtoil ar an dóigh sin.

### ***19. Bhí míriarachán ann ach ní raibh aon chailteanas airgid***

Gearán maidir le cóir mhífhéaráilte agus cailteanas airgid faoi scéim pinsin ceirde san earnáil phríobháideach a bhí i gceist leis seo. Fuarthas amach le linn an imscrúdaithe a rinneadh ag an Oifig agam go raibh míriarachán i gceist sa mhéid is gur tuairiscíodh go mícheart teidlíocht scéim pinsin don ghearánaí agus gur chúis bhuartha agus mhíchaoithiúlachta é sin dó.

De bhrí áfach gur cuireadh an teidlíocht cheart in iúl dó ní ba dheireanaí agus gur tháinig an íocaíocht in éifeacht óna dháta scoir ar aghaidh níor measadh go raibh aon chailteanas airgid fulaingthe aige.

### ***20. Bheith faoi dhliteanas maidir le ranníocaí Céilí agus Leanaí nó gan bheith?***

Ba fhostaí sa tseirbhís phoiblí í an té a rinne an gearán seo; baineadh méid mór airgid as a haisce scoir maidir le riaráistí ranníocaí a measadh bheith dlite faoi Scéim na gCéilí agus na Leanaí (C&L).

An t-airgead a baineadh as a haisce scoir bhain sé le riaráistí i leith C&L ar feadh a gairmréime iomláine; bhí sé roinnte ina dhá chuid: riaráistí ón tréimhse roimh 2003 agus riaráistí ón tréimhse i ndiaidh 2003. Fuarthas amach go raibh an méid a baineadh as a haisce le haghaidh na riaráistí don tréimhse roimh 2003 níos lú ná an méid a d'íocfadh sí dá mba rud é gur tugadh comhairle di i 2003 maidir leis na riaráistí agus gur fheidhmigh sí an rogha iad a ghlanadh sa tréimhse 2003 go 2010.

Ba é ba bhonn leis an tátal sin nach raibh an fhostaíocht buan go dtí 2003 agus ag an bpointe sin gurbh éigean di cead isteach i C&L a fháil agus riaráistí ranníoca a íoc maidir leis an tseirbhís

phoiblí níos luaithe. Chuir sí in aghaidh an tátail sin á dhearbhu go raibh sí i mbuanfhostaíocht ó 1981 i leith. Fuarthas amach go raibh stádas na fostaíocht roimh 2003 neamhghnách agus nach raibh sé sonraithe chomh maith agus ba cheart dó bheith. I ndiaidh Mholadh na Cúirte Oibreachais i mí Iúil 1982 ailníodh a tuarastal agus tuarastal roinnt comhghleacaithe léi le scála pá aitheanta agus ligeadh isteach iad i Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil. Cé gur measadh ansin go raibh sí ina fostaí inphinsin níor tugadh aon buanstadas di go foirmeálta go dtí gur ghlac sí post ainmnithe i 2003.

D'áitigh an Oifig agam gurbh é an gnáthchleachtas sa tseirbhís phoiblí i 1982 gan soláthar pinsin a dhéanamh ach do na buanfhostaithe agus nochtaigh an tuairim má measadh fostaí a bheith inphinsin i 1982 go raibh an té sin buanfhostaithe de réir sainmhíniú. Dheimhnigh an fostóir nárbh éigean d'fhostaithe mná i 1982 dul isteach i Scéim na gCéilí agus na Leanaí cé go raibh sé de rogha acu dul isteach, rud nach ndearna sí.

Rinneadh plé agus aontaíodh:

- go mbeadh sé níos cirte dáta tosaithe na fostaíochta buaine a shocrú mar dháta Mholadh na Cúirte Oibreachais sa bhliain 1982.
- Níorbh éigean d'fhostaithe mná i 1982 dul isteach i Scéim na gCéilí agus na Leanaí agus níor fheidhmigh sí an rogha dul isteach inti ag an am sin.
- Níor chóir go mbeadh sé éigeantach di dul isteach i Scéim na gCéilí agus na Leanaí i 2003 agus riaráistí ranníoca a íoc toisc nach raibh sí ina hiontrálaí nua (“new entrant”) ag an am. Dá mba mhian léi gan áis a bhaint as na sochair a bhí ar fáil faoin Scéim sin agus éirí as bheith ina comhalta anois d'fhéadfadh sí iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht an airgid a baineadh as a haise scoir maidir le riaráistí ranníocaí C&L.
- D'fhéadfadh sí toiliú leis an asbhaint as a haise scoir agus fanacht ina comhalta de Scéim na gCéilí agus na Leanaí; soláthródh sí ar an dóigh sin sochair dá céile agus d'aon pháistí cleithiúnacha sa chás gur bhásaigh sí.

## ***21. Moill ar Íocaíocht Sochair Bháis***

Bhásaigh an comhalta scéime an 25 Nollaig 2007. Seoladh fógra an bháis go dtí comhairleoir an fhostóra an 17ú Eanáir 2008 agus d'admhaigh an fostóir go bhfuair sé é an 22 Eanáir. Dúirt an fostóir go gcaithfeadh sé an Deimhniú Báis agus an Deonú Probháide a fheiceáil sularbh fhéidir leis an t-éileamh ar shochar báis a phróiseáil. Ba é €148,678 luach shochar scéime an chomhalta ag an dáta sin.

I mí Dheireadh Fómhair 2008 d'eisigh an riarthóir Ráiteas Sochair a bhí dírithe chuig an gcomhalta marbh. Thaispeáin sin gur infheistíodh a shochar sa Chiste Bainistithe i mBanc na hÉireann an 1 Lúnasa 2008 agus gurbh é €136,201.91 a luach.

I mí Mhárta 2009 chuir aturnae a bhaintrí cóipeanna de Dheonú Probháide agus de Dheimhniú Báis an chomhalta mhairbh isteach.

In Aibreán 2009 d'eisigh an comhairleoir seic ar luach €105,716.65 mar shocraíocht i leith a shochair bháis. Ceistíodh é sin agus seoladh an tseic ar ais.

I mí an Mheithimh 2009 mhínigh an comhairleoir gur ghníomhaigh na hÍontaobhaithe go cuí sa chás agus gurbh é €105,716.65 socraíocht iomlán deiridh an tsochair scéime. Breithníodh an cás

faoi nós imeachta Réiteach Aighnis Inmheánach na scéime agus níor sheas na hiontaobhaithe leis an ngearán.

I gcúrsa an imscrúdaithe bhí riarthóir na scéime agus na hiontaobhaithe ar aon taobh sa ghearán. Sular críochnaíodh an t-imscrúdú áfach d'admhaigh siad gur cheart céimeanna a ghlacadh a luaithe a fuarthas fógra an bháis an ciste a chosaint ar luachlaghdú agus socraíodh go gcuirfí leis an íocaíocht iomlán sa chaoi is go mbeadh luach an chiste ar an leibhéal céanna agus a bhí sé ar an 22 Eanáir 2008.

## ***22. Freagracht Iontaobhaithe***

Sa chás seo rinne aturna gearán thar ceann cliaint maidir le luachlaghdú ar na sócmhainní a bhí infheistithe sa scéim pinsin. Rinne an Oifig réamhbhreithniú agus mhíniigh go raibh dualgais agus freagrachtaí ar an iontaobhaí maidir leis an bplean pinsin a bhainistiú agus maidir le hinfheistíocht chúí (“proper”) ina leith. Dá mba rud é go mbeadh an client míshásta le cineál na hinfheistíochta a roghnaíodh faoin bplean b'amhlaidh gur ghearán i gcoinne na hIontaobhaithe a bheadh ann ar an gcéad fhásc.

Bheadh dualgas ceangailteach ar iontaobhaithe a roghnaigh infheistíocht dul i dtaithe ar chineál na hinfheistíochta sin agus ar na coinníollacha a bhain léi agus a dheimhniú dóibh féin gur oir sí dá cuspóir. Más amhlaidh go raibh an riarthóir infheistíochta ag gníomhú laistigh de na coinníollacha sin i gcúrsaí a leithéidí comhshó airgeadra agus nach raibh sé ag gnóthachtáil maoin sealbhais níor léir dúinn go mbeadh aon fhoras gearáin ag an gcliant ná ag na hIontaobhaithe. Má bhí an riarthóir infheistíochta ag gníomhú lasmuigh de na téarmaí aontaithe b'amhlaidh go mbeadh foras ag na hIontaobhaithe é a thabhairt os comhair na cúirte mar gheall ar shárú conartha.

Sa chás áirithe seo b'ionann iontaobhaithe na scéime agus an chuideachta a raibh an gearánaí ina Stiúrthóir 20% uirthi. Ní fuarthas aon fhreagra ar an réamhthuarascáil agus glacadh leis nár mhian leis an gcomhalta scéime dul ar aghaidh le himscrúdú ar an ngearán i gcoinne na n-iontaobhaithe agus dúnadh an comhad.

## ***23. Meastar cailteanas airgeadais de réir teidlíochta agus ní de réir ionchais***

Ghearán comhalta de scéim ranníoca sainithe go raibh a sochar níos lú ná an méid a fógraíodh di ní ba thúisce.

D'eisigh cuideachta árachais luachan mhícheart in Aibreán 2009 inar scríobhadh gurbh é €94,713.39 luach ionchais shochar a scéime scoir:-méid i bhfad níos mó ná a luach iarbhír. Ar feadh roinnt blianta roimhe sin chuir an t-árachóir luachálacha móide Ráitis Sochair Bhliantúla ar fáil di a léirigh luachanna ní ba ísle ach a thug léiriú ceart ar a teidlíocht pinsin de réir an phlean. (Mar shampla luadh luach de €66,184.43 i mí na Feabhra '09).

Mheasfaí mar mhíriaracháin é san Oifig seo dá eisítí luacháil mhícheart. Ní fhéadfainn seasamh le gearán áfach ach amháin sa chás go mbeinnse sásta go bhfuair an gearánaí níos lú ná a teidlíocht chúí faoin scéim pinsin. Níor thángthas ar fhianaise air sin sa chás seo.

Bhí mé den tuairim nach ndearna an luachan mhícheart/an míriarachán ach an cheist a chur trína chéile agus a chur faoi deara go raibh ionchas iomarcach ar an ngearánaí sular éirigh sí as obair ach



ní raibh sé d'éifeacht ag an luachan an teidlíocht iarbhír a laghdú. Ina theannta sin mheas mé nach bhféadfadh sí dul ar iontaoibh na luachana iomarcaí sin agus droim láimhe a thabhairt do na luachálacha cearta a fuair sí san am a bhí caite.

Níorbh fhéidir liom sochar an ionchais iomrallaigh sin a dheonú di ar an ábhar gur mhó é ná an méid iarbhír a raibh sí ina theidil ón scéim pinsin; ní raibh sé de chumhacht agam ach oiread í a chúiteamh as aon mhíchaoithiúlacht agus as aon chránas a thug sé di.